C/2024/3121

8.5.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11429 — TIL / PBV / PSA CANADA VENTURES)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3121)

1. An 29 Aibreán 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— PSA International Pte Ltd. ('PSA', Singeapór),

— Terminal Investment Limited Holding S.A. ('TIL', Lucsamburg), faoi chomhrialú MSC Mediterranean Shipping Company SA (an Eilvéis) agus cistí áirithe atá á mbainistiú ag Global Infrastructure Management, LLC (na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh PSA agus TIL rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar PSA Canada Ventures Ltd ('PCV', Ceanada) ina iomláine, cuideachta atá faoi rialú indíreach PSA faoi láthair trína chuideachta shealbhaíochta PSA Belgium Ventures BV ('PBV', an Bheilg).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is oibreoir domhanda críochfoirt chalafoirt é PSA,

— Déanann TIL infheistíocht i gcríochfoirt coimeádán ar fud an domhain, forbraíonn sé iad agus bainistíonn sé iad.

3. Is iad gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais PCV an dá chríochfort coimeádán i gcalafort Halifax, Ceanada a oibriú: PSA Halifax Atlantic Hub agus PSA Halifax Fairview Cove.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11429 — TIL / PBV / PSA CANADA VENTURES

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË